Oifig an Ard-Aighne

Tuarascáil Bhliantúil 2016

Ina n-ionchorpraítear

An Dara Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn maidir
le Forfheidhmiú an Ráitis Straitéise 2015 - 2017

Clár Ábhar

Ráiteas Misin	**3**
Cairt Eagraíochta	**4**
Réamhrá ón Ard-Aighne	**5**
Réamhrá an Ard-Stiúrthóra	**6**
Caibidil 1: An Ról atá ag Oifig an Ard-Aighne	**7**
Caibidil 2: Oifig an Ard-Aighne in 2016	**10**
Caibidil 3: An Obair a rinne Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas in 2016	**17**
Caibidil 4: An Dul Chun Cinn maidir le Spriocanna Ardleibhéil a Bhaint Amach	**18**
Caibidil 5: Athbhreithniú an Ard-Aighne ar an mbliain	**25**
Iarscríbhinní	
A: Billí Rialtais a foilsíodh in 2016 a bhí dréachtaithe ag Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte (ODP)	**27**
B: Billí Poiblí a Achtaíodh in 2016	**29**
C: Torthaí na bliana 2016 agus meastacháin le haghaidh 2016 agus 2017	**30**
D: Ráitis agus tuairiscí i leith cleachtas íocaíochta ar an Acht um Íoc Pras Cuntas	**34**

Misean na hOifige

Is é an misean atá againn an caighdeán is airde seirbhísí gairmiúla dlí a sholáthar don Rialtas, do Ranna agus d'Oifigí chomh heacnamaíoch agus go héifeachtach agus is féidir agus comhlíonadh le riail an dlí a thacú.

Tá ceithre Sprioc Ardleibhéil againn d'fhonn an Ráiteas Misin thuas a shaothrú mar atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise 2015-2017:

- Clár Reachtaíochta an Rialtais a sheachadadh
- Cumarsáid agus Comhoibriú le Ranna Cliant
- Seachadadh Seirbhíse Níos Éifeachtaí
- Bainistíochta Eolais, Foghlaim agus Cumas Eagraíochtúil

Cairt Eagrúcháin



Réamhrá ón Ard-Aighne

Cúis mhór áthais dom Tuarascáil Bhliantúil 2016 de chuid Oifig an Ard-Aighne (lena n-áirítear Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit) a chur i láthair. Léiríonn sé an réimse leathan oibre a rinneadh ag tabhairt comhairle dlí don Rialtas, dhlíthíocht a stiúradh sna cúirteanna, agus dar ndóigh, dréachtú Billí Rialtais a rinneadh nuair a bhí athruithe móra ag tarlú. Táimid go léir páirteach sa mhisean atá againn an chomhairle dlí is fearr agus is féidir thabhairt don Rialtas chun gnó poiblí agus beartas poiblí a chur chun cinn faoi riail an dlí. Táim ag súil go mór le mo sciar féin a dhéanamh ag tacú leis an misean seo.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le mo réamhtheachtaí, an iar-Ard-Aighne Máire Whelan, Abhcóide Sinsearach a ceapadh le déanaí chuig an gCúirt Achomhairc.

_____

Seamus Woulfe Abhcóide Sinsearach

Ard-Aighne

Réamhrá an Ard-Stiúrthóra

Ard-Aighne,

Cúis áthais dom *Tuarascáil Bhliantúil Oifig an Ard-Aighne do 2016* a chur i láthair ina bhfuil an Dara Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn maidir le cur chun feidhme an *Ráitis Straitéise 2015-2017*.

Lean an Oifig ar aghaidh in 2016 ag cur seirbhísí dlí ar fáil agus béim á leagan acu ar chaighdeán ard agus ar sholáthar tráthúil dár gcliaint .i. an Rialtas agus Ranna agus d'Oifigí an Rialtais. Lean na hAbhcóidí Comhairleacha ar aghaidh ag soláthar comhairle dlí sna réimsí sin ónar eascair an-éagsúlacht ceisteanna a bhain le dlí bunreachtúil an AE, dlí idirnáisiúnta agus dlí na tíre seo.

Chuir Dréachtóirí Parlaiminte bailchríoch líon suntasach tascanna dréachtaithe in 2016 lena n-áirítear:

- 35 Bhille Rialtais a foilsíodh
- 22 Bhille Rialtais a achtaíodh
- Dréachtaíodh 270 Ionstraim Reachtúil agus tarchuireadh iad chuig Ranna Rialtais (bhain 57 acu le trasuí bhearta an Aontais Eorpaigh).

Lean Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit ar aghaidh ag cur sainseirbhísí aturnae ar ardchaighdeán ar fáil, lena n-áirítear seirbhísí dlíthíochta, seirbhísí maoine, conarthaí Rialtais agus seirbhísí idirbheartaíochta eile.

Bíonn an oifig ag déileáil le réimse leathan oibre ós rud é go bhfuiltear ag déileáil le réim iomlán oibre an Rialtais i stát daonlathach nua-aimseartha. Cuimsíonn an obair sin réimse rudaí ó shonraí a bhaineann le pleanáil, cur chun feidhme agus chosaint rialacha nua i réimsí teicniúla tionscail nó talmhaíochta, go rudaí mar shocruithe maidir le seirbhísí rialtais i gcúrsaí oideachais, cúram sláinte, nó ceartais, mar aon le rudaí mar cheisteanna suntasacha faoi chearta an duine, Dlí Aontas na hEorpa agus caidreamh idirnáisiúnta.

Bhí an obair sin an-dian ó thaobh an dlí de go háirithe toisc é a bheith an-tábhachtach, toisc an méid a bhí le déanamh, a chasta is a bhí sí, an mhaitrís fhíorasach a bhí ag athrú i gcónaí agus an leibhéal práinne a bhí ag baint léi i gcónaí.

I bhfianaise na n-éachtaí iomadúla a bhaineadh amach i rith na bliana, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an bhfoireann san Oifig i Sráid Mhuirfean agus in Oifig Phríomh-Aturnae Stáit (OPAS) as ucht a dtiomantas, as an obair dhian den scoth a rinneadar agus as a dtacaíocht leanúnach i rith 2016. Ba mhaith liom freisin mo bhuíochas a ghabháil le mo réamhtheachtaí Liam O'Daly a chuaigh ar scor agus le hiar-Phríomh-Aturnae an Stáit a ceapadh chun na hArd-Chúirte in 2017.

Damien Ó Maoldomhnaigh

Ard-Stiúrthóra

Caibidil 1

An Ról atá ag Oifig an Ard-Aighne

Sealbhóir oifige bunreachtúla is ea an tArd-Aighne, faoi Airteagal 30 den Bhunreacht. Is í an té is comhairleach don Rialtas i gcúrsaí dlí agus tuairimí dlí. Tugann a hoifig dlíodóirí agus baill foirne riaracháin cúnamh di maidir le comhairle a sholáthar don Rialtas, d'Airí an Rialtais agus do Ranna Rialtais, maidir le dréachtú reachtaíochta de réir treoracha ó Airí agus Ranna Rialtais, agus maidir le hionadaíocht a dhéanamh ar Éirinn, ar an Ard-Aighne agus ar Ranna Rialtais sa dlíthíocht. Tá oifig an Ard-Aighne féin i dTithe an Rialtais, Sráid Mhuirfean, Baile Átha Cliath, áit a bhfuil a foireann Abhcóidí Comhairleacha agus Dréachtóirí Parlaiminte lonnaithe, agus tá na haturnaetha in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit (OPAS) lonnaithe níos gaire do na cúirteanna ar Shráid na Long agus Lána na Seansaireachta. Is é ceannasaí riaracháin na hOifige Liam O'Daly, an tArd-Stiúrthóir. Is í Eileen Creedon an Príomh-Aturnae Stáit agus is é Paul Linehan an Príomh-Dhréachtóir Parlaiminte.

Tá struchtúr riaracháin na coda den Oifig atá lonnaithe ar Shráid Mhuirfean agus OPAS leagtha amach sa chairt ar leathanach 4 den Tuarascáil seo. Tá OPAS eagraithe ina Rannáin agus ina Rannóga a bhfuil réimsí sonracha oibre acu mar a gcuirtear síos orthu sa chairt. Le linn 2016, eagraíodh na hAbhcóidí Comhairleacha ina gcúig Ghrúpa ar leith trí thagairt do réimsí éagsúla speisialachais dlí, agus eagraíodh na Dréachtóirí Parlaiminte ina dtrí Ghrúpa laistigh d'Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas (ODP), suas go dtí mí Mheán Fómhair 2014, agus ina gceithre Ghrúpa don chuid eile den bhliain, agus gach Grúpa ag déileáil le roinnt Ranna Rialtais.

Cuireadh próiseas athstruchtúraithe eagraíochtúil i bhfeidhm in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit (OPAS) in 2016 ag teacht leis na moltaí a bhí leagtha amach i Samhail Athraithe na hOifige 2015 - 2017. San áireamh sna príomhathruithe a cuireadh i bhfeidhm bhí athailíniú cuid de na Rannóga dlí ar fud Rannán éagsúil lena chinntiú go mbeadh siad níos oiriúnaí; ceapadh Rannóga dlíthiúla nua chun réimsí oibre dlíthiúla atá ag teacht chun cinn a láimhseáil; agus athraíodh ainmneacha na Rannóg agus na Rannán chun léiriú níos fearr a thabhairt ar a bhfeidhmeanna. Ceapadh Aonad tiomanta um Athrú a chur i bhFeidhm agus tugadh an tasc dóibh na hathruithe a fhorghníomhú. Chuige sin bhí sé riachtanach na baill foirne agus na comhaid a aistriú agus an bonneagar teicniúil a chur ar fáil a bhí riachtanach chun tacú leis an struchtúr nua. Cuireadh an próiseas i bhfeidhm ar bhonn céimnithe idir an 2 agus an 10 Lúnasa, 2016.

Is é an Oifig príomhoifig dlí an Stáit agus déileálann sí le cúrsaí dlí phoiblí a bhaineann le conas a dhéantar Éire a rialú agus a riar. Déileálann sí le saincheisteanna lárnacha a bhfuil tábhacht bhunreachtúil ag baint leo, faoi conas is féidir an Bunreacht a léirthuiscint, a chur i bhfeidhm agus a leasú ó am go chéile. Cuireann an Oifig comhairle ar Ranna Rialtais faoi conas ar cheart do dhaoine ar gá dóibh dlíthe a chur i bhfeidhm léirmhíniú a dhéanamh ar na dlíthe sin, agus conas a d'fheadfaí iad a athrú chun oibleagáidí dlíthiúla nua nó dálaí eile sa tír seo, san Eoraip, nó go hidirnáisiúnta a léiriú. Sa chás ina bhfuil easaontas ann maidir le léirmhíniú nó cur chun feidhme dlíthe ag Airí nó Ranna, cuireann Oifig an Ard-Aighne comhairle ar fáil maidir lena léirmhíniú nó a gcur chun feidhme ceart, déanann sí ionadaíocht ar an Stát in aon dlíthíocht de bharr an easaontais, cuireann sí comhairle ar fáil maidir le haon reachtaíocht a bhfuil gá léi, agus dréachtaíonn sí an reachtaíocht sin.

Sa raon oibre lena ndéileálann an Oifig, léirítear raon feidhme iomlán na ngníomhaíochta rialtais i ndaonlathas nua-aimseartha, idir na sonraí a bhaineann le rialacha nua i réimsí teicniúla tionscail nó talmhaíochta a phleanáil, a chur chun feidhme agus a chosaint, agus na socruithe maidir le seirbhísí rialtais san oideachas, sa chúram sláinte, nó i réimse an cheartais, agus ceisteanna suntasacha ar chearta an duine, ar chomhtháthú na hEorpa agus ar chaidreamh idirnáisiúnta. D'fhéadfadh dlíodóirí an Rialtais a bheith ag déileáil le haon rud idir shaincheisteanna soláthair phoiblí, idirbhearta i ndáil le maoin faoi úinéireacht an stáit, dhíospóidí maoine intleachtúla, chomhlíonadh Rialacha an AE, iarratais i leith sócmhainní coiriúla agus dhúshláin bhunreachtúla nó reachtaíocht a bhaineann leis an dlí coiriúil. Soláthraíonn an Oifig seirbhís ghairmiúil dá cliaint seirbhíse poiblí agus í á áirithiú, ag an am ceanna, go léirítear sa chomhairle dlí uaithi measúnú neamhspleách ar an dlí maidir le hábhair éagsúla arna dtabhairt chun solais. Is féidir réimse na hoibre a thomhas leis an bhfíric gurb amhlaidh go ndearnadh an méid seo a leanas in 2016: -

- Osclaíodh 322 chomhad nua san Oifig maidir le hathbhreithniú breithiúnach agus 522 chomhad nua i réimse an dlí tearmainn agus inimirce.
- D'oscail Aonad Dlí an AE de chuid Rannóg an Dlí Fostaíochta 20 chás in 2016 a bhain le Cúirt Ghinearálta an AE agus Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh inar ghlac Éire páirt sa nós imeachta i scríbhinn agus/nó ó bhéal.
- Chomh maith leis sin in 2016 thug an Oifig comhairle i ndiaidh an reifrinn chomhairligh faoi bhallraíocht na Ríochta Aontaithe san AE. Ghlac an Oifig páirt sa Ghrúpa Idir-Rannach maidir le caidreamh an AE/Ríocht Aontaithe agus thug comhairle faoi agus thug comhairle faoi ghnéithe den phróiseas Brexit.
- Dréachtaigh Dréachtóirí Parlaiminte líon suntasach Billí le cur faoi bhráid an Oireachtais (Foilsíodh 35 Bhille Rialtais in 2016) mar aon le hIonstraimí Reachtúla (dréachtaíodh agus tarchuireadh 270 acu chuig ranna agus bhain 57 acu le hionchorprú oibleagáidí an AE).

Is fíor-dhinimiciúil í obair na hOifige toisc go mbíonn dlí na hÉireann, dlí na hEorpa agus an dlí idirnáisiúnta de shíor ag athrú agus go nglacann an Oifig bearta chun na caighdeáin ghairmiúla is airde agus ceanglais na seirbhíse poiblí araon a chomhlíonadh. Airítear le cliaint na hOifige an Rialtas, Airí an Rialtais agus na Ranna Rialtais. Oibríonn dlíodóirí san Oifig i ndlúthchomhar le dlíodóirí a bhíonn ag oibriú do chomhlachtaí poiblí eile, amhail Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus gníomhaireachtaí Stáit eile. Chun cabhrú le freastal ar riachtanais dhlíthiúla Ranna Rialtais, baintear úsáid níos mó as an tseirbhís iasachta arna forbairt ag an Oifig: tugtar dlíodóirí ar iasacht le dul i mbun oibre mar chomhairleoirí dlí laistigh de Ranna agus cuirtear roinnt dlíodóirí laistigh de OPAS ar conradh go speisialta agus déantar cistiú orthu chun déileáil le hobair speisialaithe ó Ranna ar leith.

An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí

Comhlacht reachtúil a bunaíodh faoin *Acht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, 1975* is ea an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí (CAD). Is é ról an Choimisiúin ná an dlí a choinneáil faoi athbhreithniú neamhspleách, oibiachtúil agus saineolach, moltaí dá réir a dhéanamh maidir le hathchóiriú an dlí, agus an dlí atá ann faoi láthair a fhágáil inrochtana ag cách.

Déantar ról an Choimisiúin a chomhlíonadh go príomha faoi Chlár Athchóirithe Dlí atá ceadaithe ag an Rialtas agus atá curtha faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais. Oibríonn an Coimisiún chomh maith ar ábhair shonracha arna gcur faoina bhráid ag an Ard-Aighne faoi Acht na bliana 1975.

Déantar lánchistiú ar an gCoimisiún trí Dheontas ó Vóta na nOifigí.

Chun tuilleadh sonraí a fháil maidir le ról an Ard-Aighne, tabhair cuairt ar an suíomh gréasáin atá againn ag www.attorneygeneral.ie

Caibidil 2 Oifig an Ard-Aighne in 2016

An Fhoireann

Ag deireadh na bliana 2016, bhí 137 ball foirne údaraithe in Oifig Shráid Mhuirfean agus 18 mball foirne sa Choimisiún um Athchóiriú an Dlí. Bhí 243 ball foirne in OPAS ag deireadh na bliana 2016.

Faoi dheireadh 2016, sháraigh Oifig Shráid Mhuirfean spriocanna an Rialtais i ndáil le fostú ban. B'ionann comhréir na mban san fhoireann ar leibhéal an Phríomhoifigigh Chúnta nó os a chionn agus 62%, agus b'ionann comhréir na mban san fhoireann ar leibhéal an Phríomhoifigigh nó os a chionn agus 55%. Maidir le OPAS, ag deireadh 2016 sháraigh an Oifig sin spriocanna an Rialtais i ndáil le fostú ban freisin. B'ionann comhréir na mban san fhoireann ar leibhéal an Phríomhoifigigh Chúnta nó os a chionn agus 64%, agus b'ionann comhréir na mban san fhoireann ar leibhéal an Phríomhoifigigh nó os a chionn agus 62%. Tá tuilleadh sonraí maidir le cothromaíocht inscne ar fáil ar shuíomh gréasáin na hOifige ag www.attorneygeneral.ie

Maidir le hinrochtaineacht na mball foirne faoi mhíchumas, tá sprioc 3% an Rialtais fós á sárú ag an gcéatadán baill foirne faoi mhíchumas in Oifig Shráid Mhuirfean ag deireadh 2016. Rinne an Oifig monatóireacht ar a hinrochtaineacht le linn na bliana lena n-áirítear an inrochtaineacht trína suíomh gréasáin, agus d'áirithigh sí gur cuireadh san áireamh riachtanais daoine faoi mhíchumas in aon obair athchóirithe nó chothabhála. In OPAS, sáraíodh sprioc 3% an Rialtais leis an gcéatadán baill foirne faoi mhíchumas a bhí fostaithe san Oifig ag deireadh 2016. Lean an Oifig ar aghaidh ag tacú le baill foirne faoi mhíchumas agus bíonn suim aici i gcónaí i moltaí a fháil ó bhaill foirne.

Seo forbhreathnú ag deireadh na bliana 2016 ar chomhdhéanamh inscne Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit ina n-iomláine, ina léirítear na huimhreacha[1] sa ghrád agus an céatadán den ghrád:

	Fireann	Baineann
- Ard-Rúnaí [2]	2 (67%)	1 (33%)
- Leas-Ard-Stiúrthóir	1 (100%)	0 (0%)
- Rúnaí Cúnta	5 (33%)	10 (67%)
- Príomhoifigeach	26 (46%)	30 (54%)
- Príomhoifigeach Cúnta[3]	50 (35%)	92 (65%)
- Ardoifigeach Feidhmiúcháin	12 (37%)	20 (63%)
- Oifigeach Feidhmiúcháin	18 (35%)	34 (65%)

[1]Gan foireann Phríobháideach an Ard-Aighne a chur san áireamh. Lena chois sin, féadfaidh líon foriomlán na foirne a bheith beagán níos airde ná figiúirí oifigiúla na foirne atá bunaithe ar choibhéisí lánaimseartha.

[2] Gan an t-iar-Ard-Stiúrthóir agus CPC atá fós ag fónamh san Oifig a chur san áireamh.

[3]Dá gcuirfí san áireamh an 22 ball foirne atá lasmuigh den Oifig faoi láthair mar chuid den chlár iasachta (11 fhear agus 11 bhean), is é an miondealú de réir inscne a bheadh ann ná 38% fireann agus 62% baineann.

-	Oifigeach Cléireachais	22 (27%)	61 (73%)

Forbhreathnú Carnach ar chothromaíocht inscne ag deireadh 2016

Maidir leis an bhfoireann atá ar leibhéal Rúnaí Cúnta nó os a chionn tá 58% acu baineann agus 42% acu fireann;
Maidir leis an bhfoireann atá ar leibhéal Príomhoifigigh nó os a chionn, tá 55% acu baineann agus 45% fireann;
Ar leibhéal na bPríomhoifigeach Cúnta agus os a chionn, is é an cóimheas 61% baineann agus 39% fireann;
Os cionn leibhéal na nArdoifigeach Feidhmiúcháin is é 61% baineann agus 39% fireann an cóimheas;
Maidir le hOifigigh Feidhmiúcháin agus os a gcionn tá 62% acu baineann agus 38% fireann;
Maidir le hOifigigh Chléireachais agus os a gcionn tá 65% acu baineann agus 35% fireann.

Ó thaobh na hOifige ina hiomláine, tá 65% den fhoireann baineann agus 35% fireann.

Dlíodóirí ar iasacht chuig Ranna Rialtais

Tá clár an-rathúil á reáchtáil ag an Oifig ó 2005 i leith trína dtugtar Abhcóidí Comhairleacha ar iasacht mar chomhairleoirí dlí a fheidhmíonn laistigh de ranna Rialtais agus iad ag tacú go suntasach le seirbhís phoiblí éifeachtach trí chúnamh a thabhairt maidir le comhordú seirbhísí dlí an Stáit. Tugadh Aturnaetha ó Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit (OPAS) ar iasacht chomh maith do roinnt ranna.

Sula dtugtar daoine ar iasacht tugtar oiliúint ghinearálta dóibh chomh maith le sainoiliúint atá curtha in oiriúint do riachtanais na roinne áirithe dá bhfuil siad le tabhairt ar iasacht di.

Na hAbhcóidí Comhairleacha a chuirtear ar socrúchán laistigh de na Ranna, soláthraíonn siad comhairle dlí maidir le raon leathan ábhar go minic, a gcuireann an Roinn agus an tAire iomchuí faoina mbráid. Déileálann siad le go leor gnéithe de na riachtanais laethúla maidir le hionchur dlí a d'fhéadfadh a bheith ag Roinn, ó thaobh cúnaimh le tionscadail reachtacha agus le ceisteanna dlí scoite a d'fhéadfadh teacht chun cinn maidir le príomhthionscnaimh bheartais.

Bíonn léargas ar leith ar riachtanais dhlíthiúla Roinne ag na comhairleoirí dlí sin a bhíonn ar iasacht. Forbraíonn siad saineolas dlí ar ghnó na roinne ina gcuirtear ar socrúchán iad agus soláthraíonn siad comhairle dlí éifeachtach spriocdhírithe a bhaineann go sonrach le cliaint ar leith i gcomhthéacs cúlra leathan saineolais dlí phoiblí. Forbraíonn siad caidreamh oibre le gach duine de na páirtithe leasmhara a bhíonn i gceist agus bíonn siad ina bpointe tábhachtach teagmhála idir na Ranna agus oifigí dlí an Stáit.

Bíonn ról tábhachtach ag na comhairleoirí dlí chomh maith maidir le ceapadh foriomlán faisnéisithe d'Oifig an Ard-Aighne agus cabhraíonn siad le Ranna ábhar a d'fhéadfadh tábhacht dlí nó tábhacht bhunreachtúil ar leith a bheith leo a shainaithint ag céim luath agus iadsan a chur faoi bhráid an Ard-Aighne chun comhairle a fháil uaithi.

Faoi dheireadh 2016, bhí 23 chomhairleoir dlí san iomlán tugtha ar iasacht do 14 roinn agus oifig Rialtais. Chomh maith leis sin in 2016 rinne Foghrúpa de Choiste Bainistíochta Shráid Mhuirfean athbhreithniú ar an gClár Iasachta inar cuireadh agallaimh dhoimhne ar dhaoine a bhí tugtha ar iasacht agus críochnaigh siad ceistneoir mionsonraithe. Fuarthas lear mór sonraí sna freagraí agus b'iontach an chabhair iad don Fhoghrúpa láidreachtaí, laigí, dúshláin agus deiseanna an Chláir a aithint.

In 2016, bhí beirt aturnaetha fós ligthe ar iasacht ó Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit do Tusla (an Ghníomhaireacht um Leanaí agus Teaghlaigh) agus tugadh Aturnae amháin ar iasacht do Choimisiún na dTithe Máithreacha agus Leanaí.

Cuireann an Oifig fáilte roimh an rath atá ar na cláir sin agus tá sé beartaithe aici leanúint ar aghaidh ag tabhairt nuálaíochtaí isteach mar is cuí agus í ag iarraidh freastal ar riachtanais an Rialtais maidir le seirbhísí dlí a sholáthar san am atá le teacht.

Bainistíocht Eolais

Cuireann Bainistíocht Eolais creat ar fáil chun eolas agus faisnéis a aithint, a ghabháil, a sheachadadh agus a athúsáid chun gur féidir oibriú ar bhealach níos éifeachtúla agus feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí dlí. Eagraíocht eolasbhunaithe í an Oifig atá dírithe ar Bhainistíocht Eolais. Leanann na hoifigí orthu ag forbairt tionscnamh eolais atá ailínithe go dlúth leis an Ráiteas Straitéise agus a thacaíonn leis na cuspóirí gnó a eascraíonn uathusin. I réimse na bainistíochta riosca, tá Bainistíocht Eolais thar a bheith tábhachtach i mbainistiú riosca clú.

Leanann an oifig ar aghaidh ag tógáil ar bhunús na hinfheistíochta agus na forbartha foirne chun feabhas gairmiúil leanúnach a chinntiú chun na seirbhísí dlí is fearr is féidir a chur ar fáil trí fhorbairt agus cur i bhfeidhm Straitéisí Bainistíochta Eolais. In 2016 rinne an Coiste um Bainistíocht Eolais in Oifig Shráid Mhuirfean cur i bhfeidhm straitéis um bainistíocht eolais na hOifige a bhrú chun cinn. Tá sé d'aidhm ag an straitéis sin Bainistíocht Eolais a leabú i ngach ceann de thrí chuid na hOifige: Lucht Riaracháin, Dréachtóirí Parlaiminte agus Abhcóidí Comhairleacha. Baineadh amach 9 gcinn den 18 bpointe gníomhaíochta faoi dheireadh na bliana. Ar na bearta suntasacha a baineadh amach bhí:- a áirithiú go ndíríonn gach duine san oifig ar bhainistíocht eolais; athdhearbhú a thábhachtaí is atá sé go mbeadh cruinnithe foirne bríocha go rialta ag gach aonad laistigh den Oifig; tugadh spreagadh agus deiseanna níos fearr do bhaill foirne riaracháin líonrú a dhéanamh sa státseirbhís níos leithne; níos mó idirghníomhaíochta idir Grúpaí Abhcóidí Comhairleacha

agus idirghníomhú níos fearr idir Grúpaí Dréachtóirí Parlaiminte lena chinntiú go roinntear an fhaisnéis faoi shaincheisteanna leathana dlíthiúla agus go leagtar béim fhoriomlán ar an tábhacht a bhaineann le leanúint ar aghaidh ag tógáil ár mbunachar sonraí saineolais. Tá na pointí gníomhaíochta eile á gcur chun cinn agus tá an-dul chun cinn déanta maidir lena lán acu.

Díríodh in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit le linn na bliana ar chur i bhfeidhm na bpointí gníomhaíochta a bhí sa Straitéis Bhainistíochta Eolais 2015-2017. Ina measc siúd bhí foilsiú Bullaitín Dlí inmheánach míosúil ina bhfuil nuacht agus eolas ar bhreithiúnais na hOifige, athruithe reachtaíochta agus nuashonruithe ar Rialacha na Cúirte, chomh maith le faisnéis maidir le himeachtaí ó thaobh Forbairt Ghairmiúil Leanúnach atá le teacht, ailt nua in irisí agus ábhar nua i Leabharlann na hOifige. Go déanach in 2016 seoladh inlíon dlíthiúil na hOifige, OPASLegal san Oifig. Is é OPASLegal an príomhbhealach chun eolas agus faisnéis dlí a roinnt san Oifig. Chomh maith leis sin forbraíodh pleananna eolais go déanach in 2016 i Rannóga san Oifig. Cinnteoidh úsáid na bpleananna sin go bhféadfar faisnéis sainráite a ghiniúint ar bhealach comhsheasmhach agus go bhféadfar í a chur fáil in am tráth ar OPASLegal.

Athchóiriú ar an Earnáil Phoiblí

In Eanáir 2016 chuir an Oifig tuarascáil maidir le dul chun cinn faoi bhráid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a bhain le cur i bhfeidhm Phlean Comhtháite 2015 maidir le hAthchóiriú in Oifig an Ard-Aigne/Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit/an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais go deireadh na bliana 2015. I mí Iúil 2016 chuir an Oifig tuarascáil ar fáil faoi dhul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm Phlean na bliana 2016 go deireadh Meithimh 2016.

San áireamh i bPlean 2016, tá roinnt mhaith athruithe, forbairtí agus tionscnaimh atá curtha i bhfeidhm cheana féin, roinnt eile atá á gcur i bhfeidhm faoi láthair agus roinnt eile a chuirfear i bhfeidhm amach anseo. Is é cuspóir na n-athruithe sin feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus ar sheirbhís do chustaiméirí, agus chun costais a laghdú.

San áireamh i gcuid de na tionscnaimh a bhí leagtha amach i bPlean na bliana 2016 maidir le soláthar seirbhísí dlí do chliaint bhí laghdú ar chostais - táillí dlíthiúla, costais dlí a aisghabháil, bearta inmheánacha chun laghdú a dhéanamh ar chostais dlíthíochta, coistí nua in-tí chun dul i ngleic le saincheisteanna dlíthiúla an AE a tháinig chun cinn le déanaí agus moltaí chun costais dlíthíochta a bhaineann le heagraíochtaí seachtracha a laghdú.

Tá teacht ar na sonraí maidir le Plean Seachadta na nOifigí um Athchóiriú Comhtháite ar láithreán gréasáin na hOifige ag www.attorneygeneral.ie

Creat Rialachais Chorparáidigh

Leagadh amach socruithe nua maidir le rialachas agus cuntasacht sa Státseirbhís i bPlean Athnuachana na Státseirbhíse 2014. Tá príomhghníomh san áireamh sa Phlean Athnuachana chun feabhas a chur ar shocruithe rialachais de réir an chleachtais idirnáisiúnta is fearr trí chaighdeán rialachais coiteann a thabhairt isteach. Tá sé d'aidmh ag an bPlean Athnuachana:

- Ról an Choiste Bainistíochta/an Bhoird Bainistíochta a chur ar bhonn foirmiúil i ranna/oifigí agus tacaíocht a thabhairt d'idirghníomhaíocht níos fearr idir airí agus lucht bainistíochta maidir le hathbhreithnithe a dhéanamh go rialta le chéile ar thosaíochtaí agus ar fheidhmíocht;

- Caighdeán rialachais amháin a thabhairt isteach do gach Bord Bhainistíochta/Coiste Bainistíochta trí leas a bhaint as dea-chleachtas idirnáisiúnta maidir le rialachas corparáideach; agus

- Measúnú bliantúil a bhunú do gach Bord Bhainistíochta/Coiste Bainistíochta chun seachadadh agus feidhmíocht a thomhas.

Glacadh le Caighdeán Rialachais Chorparáidigh in 2015 don Státseirbhís agus ceanglaíodh ar gach roinn agus oifig Rialtais bailchríoch a chur ar Chreat Rialachais Chorparáidigh faoi Aibreán 2016. In 2016, thug Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit araon Creat Rialachais Chorparáidigh isteach a sholáthraíonn achoimre shoiléir chuimsitheach ar phríomhghnéithe rialachais chorparáidigh san Oifig. Tá sé i gceist go mbeidh an Creat ina dhoiciméad beo a thabharfar cothrom le dáta go rialta. Tugtar aghaidh ann freisin ar bhainistíocht riosca san dá oifig (féach níos faide thíos).

Comhlíonadh na gCeanglas Rialála

I rith 2016 lean an Oifig ar aghaidh ag déanamh athbhreithnithe ar mar a chomhlíonann OAA agus OPAS na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, na hAchtanna um Chosaint Sonraí, agus an reachtaíocht ar Shláinte agus Shábháilteacht chomh maith le riachtanais éigeantacha dhlíthiúla maidir le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach.. Fuarthas go raibh socruithe sásúil san dá oifig le linn na bliana.

Críochnaíodh Tionscadal Cartlainne Náisiúnta OAA i gcomhair 2016 roimh am agus aistríodh 1,701 comhad chuig an gCartlann Náisiúnta i Sráid an Easpaig, lenar áiríodh 98% de na comhaid dhoiciméadaithe a bhí sceidealaithe lena n-aistriú. Coimeádann an Oifig na deimhnithe maidir le coimeád na gcomhad sin nár aistríodh.

Maidir le húsáid fuinnimh agus comhlíonadh Rialacháin 12(2) de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éifeachtúlacht um Úsáid Deiridh Fuinnimh agus Caomhnú Fuinnimh) I.R. Uimh. 542 de 2009, tá sonraí faoin úsáid le linn 2016 sa dá oifig ar fáil ar shuíomh gréasáin na hOifige ag www.attorneygeneral.ie

Laghdú costas

In 2016, rinne OAA iarracht tuilleadh spárála airgid a dhéanamh chun caiteachas a laghdú laistigh den Vóta. I rith na tréimhse naoi bliana roimhe seo, tá laghdú nach beag déanta ar chaiteachas bliantúil na hOifige. Ag deireadh 2016, bhí an glanchaiteachas 25% ní b'ísle ná mar a bhí sé in 2008. Ba é seo a leanas an glanchaiteachas thar an tréimhse sin:

2008 €18.1 milliún

2009 €15.6 milliún (laghdú 13.8% ar an mbliain roimhe sin)

2010 €13.5 milliún (laghdú 13.4% ar an mbliain roimhe sin)

2011 €13.3 milliún (laghdú 1.5% ar an mbliain roimhe sin)

2012 €13.5 milliún (méadú 1.5% ar an mbliain roimhe sin)

2013 €13.3 milliún (laghdú 1.5% ar an mbliain roimhe sin)

2014 €12.9 milliún (laghdú 3% ar an mbliain roimhe sin)

2015 €13.1 milliún (méadú 1.5% ar an mbliain roimhe sin)

2016 €13.5 milliún (méadú 3% ar an mbliain roimhe sin)

Tá tuilleadh spárála airgid bainte amach ag OPAS freisin chun an caiteachas laistigh den Vóta a laghdú. I rith na tréimhse naoi bliana seo a chuaigh thart, rinneadh laghdú nach beag ar chaiteachas bliantúil na hOifige. Ag deireadh 2016, bhí an glanchaiteachas 29% ní b'ísle ná mar a bhí sé in 2008. Ba é seo a leanas an glanchaiteachas thar an tréimhse sin:

2008 €40.6 milliún

2009 €33.5 milliún (laghdú 17.4% ar an mbliain roimhe sin)

2010 €31.6 milliún (laghdú 5.6% ar an mbliain roimhe sin)

2011 €30.6 milliún (laghdú 3.5% ar an mbliain roimhe sin)

2012 €28.8 milliún (laghdú 5.9% ar an mbliain roimhe sin)

2013 €28.3 milliún (laghdú 1.7% ar an mbliain roimhe sin)

2014 €25.5 milliún (laghdú 9.9% ar an mbliain roimhe sin)

2015 €28.2 milliún (méadú 10.6% ar an mbliain roimhe sin)

2016 €28.9 milliún (méadú 2.5% ar an mbliain roimhe sin)

Maidir le táillí abhcóidí, bhí laghdú 32% tagtha ar chaiteachas as an Vóta OPAS ag deireadh 2016, i gcomparáid le híocaíochtaí na bliana 2008.

Tháinig Grúpa na hOifige um Tháillí Gairmiúla a Rialú (GTGR) le chéile ar bhonn seachtainiúil in 2016 chun monatóireacht a dhéanamh ar an gcaiteachas ar tháillí gairmiúla agus chun é sin a rialú. Le linn na bliana freisin, lean an Oifig ar aghaidh ag cur beartais i bhfeidhm maidir le costais dlí a bhailiú i ngach cás inar deonaíodh costais don Stát, sna cásanna inar measadh go mbeadh bailiú den sórt sin indéanta.

Iarratais um Shaoráil Faisnéise

Tá sonraí maidir le hiarratais chuig OAA agus OPAS faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise ar fáil ar shuíomh gréasáin na hOifige ag www.attorneygeneral.ie .

Rannpháirtíocht i gCoistí agus i nGrúpaí Oibre

Le linn 2016 thug an fhoireann dlí comhairle uaithi agus ghlac sí páirt i nGrúpaí Oibre ar réimse saincheisteanna tábhachtacha leathana nó idir-rannacha.

Tá liosta de na Coistí agus na Grúpaí Oibre idir-rannacha is tábhachtaí le fáil ar an suíomh gréasáin atá againn ag www.attorneygeneral.ie

Caibidil 3

An Obair a rinne Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas in 2016

Cuimsíonn ODP foireann dlíodóirí speisialtóireachta atá oilte ar leibhéal ard i ndisciplín dréachtaithe na reachtaíochta.

Tá sé ina chuspóir ag ODP sainseirbhís ardchaighdeáin dréachtaithe reachtaíochta, atá gairmiúil agus éifeachtach, a sholáthar don Rialtas.

Is é phríomhobair ODP ná Billí Rialtais a dhréachtú lena bhfoilsiú agus lena gcur faoi bhráid Thithe an Oireachtais, agus reachtaíocht thánaisteach a dhréachtú, nuair is cuí, do Ranna agus Oifigí Rialtais, lena n-áirítear ionstraimí lena ndéantar reachtaíocht AE a thrasuí sa dlí intíre faoi Acht na gComhphobal Eorpach 1972.

Dhréachtaigh ODP líon suntasach Billí agus ionstraimí reachtúla le linn 2016:

Foilsíodh **35** Bille Rialtais (Iarscríbhinn A)

Achtaíodh **22** Bille Rialtais (Iarscríbhinn B)

Dréachtaíodh agus tarchuireadh chuig na Ranna **270** Ionstraim Reachtúil (ar bhain **57** díobh le bearta an Aontais Eorpaigh a thrasuí).

Caibidil 4

An dul chun cinn maidir le spriocanna ardleibhéil a bhaint amach

Soláthar seirbhísí dlí

Le linn 2016, sholáthair an fhoireann san Oifig tacaíocht leanúnach don Ard-Aighne maidir le comhlíonadh a róil bhunreachtúil mar chomhairleoir dlí don Rialtas.

Sholáthair baill foirne dlí tuairimí agus comhairle i ndáil le Meabhráin don Rialtas agus rinneadh plé ar ábhair leis an Ard-Aighne roimh fhreagraí a thabhairt ar iarratais ar thuairimí agus ar chomhairle ar an gcóras ríomhsheirbhísí Comh-Aireachta. Rinne siad treoracha a lorg uaithi freisin maidir le saincheisteanna suntasacha um léirmhíniú dlíthiúil, cur i bhfeidhm reachtanna, réitigh reachtaíochta nó réitigh riaracháin ar dheacrachtaí dlíthiúla, srl. Rinne na hAbhcóidí Comhairleacha agus OPAS treoracha a lorg ón Ard-Aighne maidir le stiúradh na dlíthíochta.

In 2016, rinne an tArd-Aighne cathaoirleacht ar thrí chruinniú de Choiste Comhairleach Bainistíochta Dlí na hOifige atá ionadaíoch ar gach réimse dlí de chuid na hOifige – Abhcóidí Comhairleacha, ODP agus OPAS chun plé a dhéanamh ar shaincheisteanna leanúnacha dlí laistigh den Oifig ar tábhachtach agus íogair iad, agus aird ar leith tugtha ar an liosta comhad íogair a chuirtear faoi bhráid an Rialtais ar bhonn rialta.

I rith na bliana, rinne Grúpaí Abhcóidí Comhairleacha athbhreithniú ar obair trína chóras foirmiúil timthriallta athbhreithnithe ocht seachtaine agus chuir siad an obair in ord tosaíochta trí chruinnithe rialta foirmiúla agus neamhfhoirmiúla le Ranna ar cliaint iad i rith na bliana. Chomh maith le dul i ngleic le nithe a bhaineann leis an obair, bhí an deis ann leis na cruinnithe sin aiseolas a fháil ó chliaint ar shaincheisteanna soláthair seirbhísí agus aird a dhíriú ar shaincheisteanna nua agus ar shaincheisteanna a bhí ag teacht chun cinn.

Bhí ról lárnach ag ODP in obair Choiste Reachtaíochta an Rialtais i rith na bliana 2016. Déanann an Coiste maoirseacht ar gach Bille Rialtais atá beartaithe ón am a chuirtear san áireamh é i gClár Reachtaíochta an Rialtais go dtí go mbíonn sé curtha trí Thithe an Oireachtais, agus déileálann sé le fadhb ar bith a thagann chun cinn i ndáil le cur chun feidhme réidh agus tapa an Chláir.

Thuairiscigh ODP go rialta do Choiste Reachtaíochta an Rialtais, agus mionsonraí á gcur ar fáil aici faoi dhul chun cinn dhréachtú na mBillí agus ionstraimí reachtúla an Aontais Eorpaigh. Mar gheall ar rannpháirtíocht leanúnach ODP in obair an Choiste, bhí sásra ríthábhachtach ar fáil maidir le hidirghabháil a dhéanamh idir éilimh iomaíocha na Ranna ar sheirbhísí ODP.

Dhírigh OPAS in 2016 ar fhorbairt, ar fheabhsú agus ar mhionchoigeartú na seirbhísí dlí i réimsí a mbaineann tábhacht leo do Ranna agus d'Oifigí ar cliaint iad. Bhí sé ina chuspóir ag an Oifig seirbhísí dlí ardchaighdeáin

a sholáthar do chliaint ar shlí chomh tíosach agus chomh héifeachtach agus a d'fhéadfaí. Úsáideadh acmhainní san Oifig d'fhonn an cuspóir sin a chomhlíonadh. Tháinig OPAS le chéile leis an Ard-Aighne uair sa choicís i rith na bliana chun obair shuntasach a bhí idir lámha a phlé.

Athbhreithniú ar Sheirbhísí Dlí a sholáthraíonn an Oifig

Chuir Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit tús in 2016 le hathbhreithniú ar sheirbhísí dlíthiúla a gcuirtear ar fáil do ghníomhaireachtaí áirithe Stáit agus ar cheisteanna cumarsáide, lena chinntiú go háirithe go gcuirtear in iúl do pháirtithe leasmhara iomchuí faoi sholáthar comhairle dlí ábhartha, agus go rachfar i gcomhairle leo nuair is gá. Le linn 2016 bhí rannpháirtíocht leanúnach ar siúl ar leibhéal sinsearach laistigh d'Oifig Shráid Mhuirfean agus den OPAS le príomhghníomhaireachtaí, ina measc, an Garda Síochána, Oifig na nOibreacha Poiblí, an Oifig um Sholáthar Rialtais agus an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát agus le heagraíochtaí cosúil leo chun aghaidh a thabhairt ar sholáthar seirbhíse, róil fheidhmiúla agus línte cumarsáide cuí. Nuair a bhí Samhail Athraithe le haghaidh Athruithe OPAS á leabú i rith na bliana cuireadh deiseanna ar fáil chun athbhreithniú iomlánaíoch ar ghaol dlíthiúil a éascú. Dá thoradh sin rinneadh athstruchtúrú ar fhreagrachtaí i réimsí áirithe in OPAS sa chaoi go bhfuil struchtúr foirne níos comhtháite ann le freastal ar riachtanas cliant agus ar riachtanais gníomhaireachtaí bainteacha. Ina theannta sin, mar thoradh ar idirphlé leanúnach le linn na bliana le haonáin ghníomhaireachta áirithe rinneadh athbhreithniú ar riachtanais mhaoinithe tiomanta chun tacú le riachtanais seirbhíse agus bhí athbhreithniú ardaitheach agus earcaíocht speisialtóirí i gceist.

Ráiteas Straitéise

Tar éis don Ard-Rúnaí a iaratas foirmiúil a chur faoi bhráid an Rialtais i mí Iúil 2016 chuir na hoifigí tús le forbairt Ráitis Straitéise nua don tréimhse 2016-2019. Cuireadh an Dréacht-Ráiteas Straitéise faoi bhráid an Taoisigh i mí na Samhna 2016 chun a chuid tuairimí a fháil agus cuireadh an Ráiteas Straitéise críochnaithe faoi bhráid an Rialtais agus faomhadh é ag cruinniú na Comh-Aireachta a tionóladh ar an 20 Nollaig 2016.

Tá an Ráiteas Straitéise nua bunaithe ar anailís ar ár dtimpeallacht oibríochta agus leagtar amach ann na spriocanna ardleibhéil agus tosaíochtaí straitéiseacha a bheidh againn chun freastal ar riachtanais ár gcliant agus iad ag cur i bhfeidhm Chlár an Rialtais sa tréimhse ó 2016 go 2019.

Bainistíocht Dlíthíochta

Lean an Oifig ar aghaidh in 2016 ag cur i bhfeidhm na príomhstraitéise chun dlíthíocht a bhainistiú, go háirithe oll-éilimh, dlíthíocht athuair ar cheisteanna, agus cásanna faoi leith a bhfuil an chuimse fíricí ag baint leo a bhainistiú go héifeachtach. Ba í Oifig Shráid Mhuirfean a stiúir an straitéis dlí fhoriomlán agus tionóladh

cruinnithe rialta athbhreithnithe idir na hAbhcóidí Comhairleacha in Oifig Shráid Mhuirfean, baill foirne dlí OPAS agus oifigigh sna ranna ábhartha chun an straitéis dlí fhoriomlán a stiúradh d'fhonn a chinntiú go ndéanfar na cineálacha dlíthíochta sin á bainistiú go héifeachtach ar bhonn leanúnach. Is réimse é sin ina bhfuil comhairle na hOifige in ann airgead poiblí a shábháil ó thaobh costais dhlíthiúla agus trína insint cad iad na bealaí is fearr ina bhféadfaidh oifigigh na roinne a gcuid ama a chaitheamh ag ullmhú cásanna.

Laghdú costais Dlíthíochta

Dhírigh an Oifig in 2016 ar bhealaí a chur i bhfeidhm chun costais dlíthíochta ar an Stát a laghdú. Ar na príomhchuspóirí bhí leanúint ar aghaidh ag cur comhairle ar fáil i ndáil le dlíthíocht a sheachaint agus cásanna oiriúnacha a réiteach go luath. Chloígh an Oifig le prótacail inmheánacha a forbraíodh agus le prótacail maidir le tuilleadh comhoibrithe idir Gníomhaireachtaí Stáit chun éascú a dhéanamh ar dhlíthíocht a stiúradh ar bhealach éifeachtach a chinntíonn luach ar airgead. Chomh maith leis sin, leanadh moltaí malartacha i rith na bliana nach raibh dlíthíocht ag baint leo, moltaí cosúil le hidirghabháil, nuair a bhí sé sin praiticiúil.

Cuireadh roinnt tionscnamh chun cinn i rith na bliana chun na costais dlí atá á dtabhú ag an Stát a laghdú. Lean foireann dhlíthiúil in OPAS ag socrú costas in imeachtaí athbhreithnithe breithiúnacha agus imeachtaí neamhchonspóidithe habeas corpus áit a raibh sé indéanta réiteach a fháil ar leibhéal réasúnta. Nuair a rinneadh Bunachar Sonraí maidir le Cuntasaíocht Costas a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chuir sé leabharlann de comparadóirí staitistiúla ar fáil lena n-úsáid in idirbheartaíocht faoi shocruithe, i bhfómheas costas agus i mbainistiú cásanna go héifeachtach.

Tá Grúpa Páirtithe Leasmhara Airteagal 40 ann atá comhdhéanta d'ionadaithe ó Oifig an Ard-Aighne, OPAS, Seirbhísí Dlí an Gharda, An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus an tSeirbhís Chúirteanna agus tháinig siad le chéile go minic i rith 2016 agus scrúdaigh siad bealaí chun costais dlíthíochta ag eascairt ó iarratais maidir le hAirteagal 40 a laghdú. Tá an Grúpa ag cur spéise straitéisí in imeachtaí sibhialta a eascraíonn as Imeachtaí Airteagal 40 (éilimh maidir le tortanna faoi phríosúnú neamhdhleathach).

Rinneadh costais a choigilt i gcásanna tearmainn san Ard-Chúirt in 2016 i gcásanna a bhí sa Liosta Tearmainn agus Inimirce. Leanadh ar aghaidh ag coigilt trí luathshocrú cásanna oiriúnacha. Tugann an Oifig an fhaisnéis is déanaí d'abhcóidí go rialta agus go héifeachtach faoi na beartais atá ag ranna lena chinntiú nach mbíonn aon neamhréireachtaí sna hargóintí a dhéantar in athbhreithnithe breithiúnacha agus go mbainistítear cásanna atá ag braith ar an bpointe céanna go héifeachtach ionas go laghdófar líon na gcásanna a ndéantar athbhreithnithe breithiúnacha orthu agus ar chostais bhainteacha na gcásanna a chuaigh ar aghaidh go héisteacht.

Ríomhleabhar Reachtanna na hÉireann (rLRÉ)

Is mór an ról atá ag an Oifig i gclár oibre ríomhsheirbhísí an Rialtais agus san acmhainn atá ag an gclár oibre sin don todhchaí, go háirithe i gcomhthéacs tháirgeadh, bhainistíocht agus nuashonrú leanúnach Ríomhleabhar Reachtanna na hÉireann (rLRÉ). Déanann Grúpa rLRÉ na hOifige maoirsiú ar bhainistíocht na seirbhíse sin.

Stór reachtaíochta ar líne is ea eISB. Tá sé ar fáil saor in aisce don phobal ar an suíomh gréasáin www.irishstatutebook.ie agus tá Achtanna an Oireachtais ó 1922 go 2016 air mar aon leis na Rialacha agus Orduithe Reachtúla ó 1922 go 1947 agus Ionstraimí Reachtúla ó 1948 go 2016 chomh maith leis an chuid is mó de na reachtanna poiblí agus reachtanna ginearálta a ritheadh roimh 1922 atá i bhfeidhm sa Stát tar éis achtú an Achta um Athchóiriú an Dlí Reachtúil 2007. Rinneadh an láithreán gréasán a athdhearadh i mí Feabhra 2016 agus cuireadh na hathruithe i bhfeidhm chun go bhféadfaidh úsáideoirí é a rochtain trí na gléasanna leictreonacha go léir. Cuireadh feidhm nua ar fáil trína n-aibhsítear téacs cuardaigh chomh maith.

Foilsíodh Eolaire Reachtaíochta freisin don tréimhse 1922 go dtí deireadh 2016. Cuireann an tEolaire sin ar chumas úsáideoirí Leabhar Reachtaíochta Éireann a fháil amach faoi leasú nó faoi aon athrú eile a rinneadh ar fhoráil ar leith d'Acht ar bith. Tá Eolaire Reachtaíochta le haghaidh ionstraimí reachtúla san áireamh ann freisin agus tugann an tEolaire seo eolas faoi leasuithe agus faoi chúlghairmeacha ar ionstraimí reachtúla a cuireadh i bhfeidhm idir Eanáir 1999 agus deireadh 2016. Tá téacs iomlán an Bhunreachta ina bhfuil naisc chuig na hAchtanna leasaitheacha foilsithe ar an rLRÉ freisin.

Forbairt eile thábhachtach a tharla in 2016 ná cur i bhfeidhm na chéad chéime den Aitheantóir Eorpach Reachtaíochta (ELI) a éilíonn ar Bhallstáit úsáid a bhaint as córas caighdeánaithe aitheanta reachtaíochta agus as tréithe meiteashonraí le cur síos a dhéanamh ar gach acmhainn dlí chun go gcuirfear ar chumas daoine cuardach agus malartú éifeachtach, soláimhsithe agus níos tapúla a dhéanamh maidir le faisnéis dlí. Tá sé beartaithe go gcuirfear i bhfeidhm dearadh nua gréasáin go luath in 2016 chun feabhas a chur ar rochtain úsáideoirí ar reachtaíocht agus ar eolas tacaíochta.

I mí na Samhna 2016 foilsíodh scéimre meiteashonraí ointeolaíochta bunaithe ar ELI. Chomh maith leis sin, i mí na Samhna 2016 cuireadh suíomh nua ar siúl a dhéanann óstáil ar fhreastalaí an eISB.

Bainistíocht Riosca

I rith 2016 chuidigh an fhoireann dlí san dá Oifig le tuilleadh neadú a dhéanamh ar na beartais maidir le bainistíocht fhoirmiúil riosca laistigh den Oifig i rith na bliana. Leanadh ar aghaidh leis na bearta maolaithe riosca seo a leanas in 2016:

- Tuairisciú rialta ar feadh na bliana ó na hAbhcóidí Comhairleacha don Ard-Aighne agus don Choiste Comhairleach Bainistíochta (CCB) Dlí, cruinnithe idir an tArd-Stiúrthóir, an Leas-Ardstiúrthóir agus Grúpaí Abhcóidí Comhairleacha ar réimsí agus ábhair a mbaineann riosca suntasach leo;
- Plé ar chúrsaí a bhaineann le riosca agus leis an bpróiseas dréachtaithe reachtaíochta agus ODP ag cruinnithe idir an Príomh-Dhréachtóir Parlaiminte agus na Bainisteoirí Grúpa, ag cruinnithe le Grúpaí ar leith agus ag cruinnithe den CCB Dlí.
- Tuairiscí rialta ón Leas-Ardstiúrthóir (OAA) agus ó Phríomh-Aturnae Cúnta Stáit (OPAS) do chruinnithe na CCBanna áitiúla agus CCBanna Príomhúla, agus don Choiste Iniúchóireachta, i gcomhthéacs straitéis bhainistíochta riosca a bheith á neadú ag an gCoiste ar fud na hOifige, stráitéis lena n-áirítear beartas riosca, clár rioscaí corparáide agus cláir rioscaí na nGrúpaí agus na nAonad Gnó aonair, de réir mar is cuí.

Go luath in 2016 reáchtáil Oifig Shráid Mhuirfean agus OPAS sraith cheardlann faoi bhainistiú riosca chun cabhrú le bainisteoirí na n-oifigí athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar na cláir riosca le haghaidh Grúpaí dlíthiúla, Rannáin agus Rannóga agus Aonaid Riaracháin Gnó. Ba iad Coiste Bainistíochta Riosca Oifig an Ard-Aighne/OPAS agus Coiste Bainistíochta/Bord Bainistíochta áitiúil a rinne maoirseacht ar an bpróiseas agus cuireadh cláir rioscaí athbhreithnithe faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta i mí Mheán Fómhair 2016. Rinneadh athbhreithniú ar na cláir riosca chun tuairimí an Choiste Iniúchóireachta a chur san áireamh agus sheol Grúpa dlí, agus ceannairí Rannán agus Rannóg agus Ceannairí Aonad um Riarachán Gnó ráiteas dearbhaithe sínithe faoi bhráid rúnaí an Phríomhchoiste Bainistíochta roimh dheireadh 2016.

Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF)

Ghlac baill foirne sa dá oifig páirt sa phróiseas in 2016 chun CBFF a neadú tuilleadh san eagraíocht lena n-áirítear Aiseolas Aníos agus leas a bhaint as rátálacha ó thaobh CBFF chun críocha ardú céime agus incrimintí tuarastail. Rinneadh athruithe suntasacha ar an gcóras i rith na bliana nuair a tugadh isteach r-CBFF. Chomh maith leis sin rinneadh athbhreithniú ar an gcóras rátálacha i gcás na foirne faoi leibhéal Rúnaí Cúnta agus i gcás na Rúnaithe Cúnta athraíodh an próiseas ar fad chun go mbeadh sé ar aon dul le Plean Athnuachana na Státseirbhíse. Bhí na hoifigí in ann rátaí arda comhlíonta leis an gcóras a thuairisciú i gcónaí agus cuireadh na hathruithe go léir i bhfeidhm go hiomlán sa chóras faoi dheireadh 2016.

Oiliúint agus Forbairt

Ghlac Abhcóidí Comhairleacha, agus Dréachtóirí Parlaiminte ainmnithe agus an fhoireann riaracháin páirt in 2016 in obair an Choiste Foghlama agus Forbartha agus go háirithe d'fhonn pointí áirithe gníomhaíochta atá leagtha amach sa Straitéis Foghlama agus Forbartha d'Oifig Shráid Mhuirfean a chur chun cinn. Ghlac foireann dlí agus riaracháin OPAS páirt in obair an Choiste Oiliúna agus Forbartha chun na príomhthosaíochtaí a bhí san áireamh i Straitéis Oiliúna agus Forbartha OPAS a chur chun cinn.

Chomh maith leis sin d'fhreastail Abhcóidí Comhairleacha agus Dréachtóirí Parlaiminte agus an fhoireann riaracháin in Oifig an Ard-Aighne agus aturnaetha agus foireann riaracháin in OPAS ar réimse leathan cúrsaí oiliúna in 2016 chun a riachtanais dhlíthiúla, foghlama agus forbartha a shásamh agus a gcumas a uasmhéadú. Leagadh béim ar leith ar oiliúint intí a raibh sé de bhua aici go raibh sí saincheaptha agus éifeachtach ó thaobh costais de. Tugadh Oiliúint Ionduchtúcháin do bhail foirne nua agus oiliúint sa Chóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF).

Lena chois sin cuireadh réimse leathan d'oiliúint sheachtrach ar fáil do bhaill foirne dlí agus riaracháin araon. Bhain an fhoireann leas freisin as cúrsaí Dioplóma agus Céime chun cur lena ndeiseanna gairme, rud a áirithíonn go bhfuil siad ullamh chun róil níos sinsearaí a ghlacadh sa todhchaí agus lena chinntiú go bhfuil an fhoireann ullamh do shoghluaisteacht sa státseirbhís.

In 2016 ghlac ball de Choiste Bainistíochta Shráid Mhuirfean agus de Bhoird Bhainistíochta OPAS páirt in obair an Ghrúpa Oibre Idir-Rannaigh chun Gníomh 9 de Phlean Athnuachana na Státseirbhíse a chur i bhfeidhm, chun samhail nua comhroinnte a bhunú chun foghlaim agus forbairt a chur ar fáil sa Státseirbhís. Is é aidhm an Ghnímh seo fórsa oibre ardfheidhmíochta a chumasú trí thacú le forbairt na scileanna agus modhanna iompraíochta nua, forbairt ghairmiúil leanúnach a éascú agus a chinntiú gur féidir leis an bhfoireann uile rochtain a fháil ar an meascán cuí de dheiseanna oiliúna agus forbartha.

An Coiste um Dhlí an AE

Forbairt thábhachtach eile in 2016 ab ea forbairt Coiste nua intí chun rianú a dhéanamh ar shaincheisteanna dlíthiúla an AE a tháinig chun cinn le déanaí. Déanann an Coiste nua um Dhlí an AE ionadaíocht ar bhaill foirne in Oifig Shráid Mhuirfean agus OPAS agus tá siad freagrach as rianú a dhéanamh agus feasacht agus oideachas a chur ar fáil don Oifig maidir le saincheisteanna suntasacha dlíthiúla atá ag teacht chun cinn agus breithniú a dhéanamh ar phróisis Oifige agus an chaoi a ndéileálann an Oifig le cliaint maidir le ceisteanna dlí an AE. Cuimsíonn an coiste sin coiste maoirseachta agus ocht bhfochoiste um athbhreithniú forbairtí reachtacha an AE, idirghabháil an Stáit os comhair na Cúirte Ginearálta agus na Cúirte Breithiúnais, mar aon

le hoiliúint agus cumarsáid agus for-rochtain a sholáthar do ranna éagsúla agus eolas a sholáthar dóibh trí bhaill foirne a thabhairt ar iasacht.

Tagann an coiste maoirseachta le chéile sé huaire i rith na bliana agus rinne na fochoistí dul chun cinn maith ina gcuid oibre.

Seirbhísí Bainistíochta Corparáideacha agus Gnó

In 2016, sholáthair an lucht riaracháin in OAA agus in OPAS seirbhísí bainistíochta corparáide agus seirbhísí bainistíochta gnó nua-aimseartha gairmiúla chun tacú le seirbhísí dlí lárnacha na hOifige a sholáthar. Sholáthair Aonaid Ghnó Feidhme i réimsí na nAcmhainní Daonna, an Airgeadais, na Leabharlainne agus Fios Gnó, TF, na Clárlainne, Thacaíocht na n-oifigí príobháideacha, na hIniúchóireachta Inmheánaí, Seirbhísí Corparáideacha agus Bainistíochta Athruithe na struchtúir tacaíochta, an soláthar foirne, agus na seirbhísí agus córais ba ghá chun éascaíocht a dhéanamh ar Ráiteas Misin agus ar Spriocanna Ardleibhéil na hOifige a bhaint amach.

Caibidil 5

Athbhreithniú an Ard-Aighne ar an mbliain

Dhéileáil an Oifig le roinnt mór-réimsí dlí in 2016.

Tháinig fás 100% in 2016 ar líon na n-imeachtaí athbhreithnithe breithiúnaigh i ndáil le hiarratais ar shaincheisteanna cosanta agus inimirce idirnáisiúnta, .i. ceadanna a bheith sa Stát, díbirt srl. agus osclaíodh thart faoi 400 comhad in 2016 maidir le hathbhreithniú breithiúnach ar cheisteanna tearmann. B'ionann iad sin agus 70% de líon iomlán na n-imeachtaí athbhreithnithe breithiúnaigh a osclaíodh san Oifig.

Bhí tionchar suntasach in 2016 ag na hathruithe a rinneadh ar chóras Bhaile Átha Cliath a tugadh isteach in 2013 trí Rialachán Bhaile Átha Cliath III, agus a daingníodh i gcinntí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, trínar féidir iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta a chur ar ais chuig an gcéad Bhallstát ina bhféadfadh sé nó sí iarratas a dhéanamh ar chosaint, agus bhí líon mór imeachtaí athbhreithnithe breithiúnaigh ann dá bharr.

Tháinig saincheisteanna chun cinn in 2016 a bhain le hathchóiriú na Dála agus le rialtas mionlaigh an 32ú Dáil. Tarraingíodh anuas saincheisteanna tábhachtacha dlíthiúla agus bunreachtúla de bharr an chaidrimh idir an Rialtas mionlaigh agus an tOireachtas agus an t-athrú atá tagtha ar chúrsaí polaitiúla. Tá tábhacht níos mó ó thaobh an Rialtais de ag billí comhaltaí príobháideacha maidir le saincheisteanna atá chomh héagsúil, mar shampla, le cearta na mbeo gan breith, neodracht agus na breithiúna.

Rinneadh cinntí tábhachtacha i réimsí ceartais choiriúil in 2016. Chuir an breithiúnas i *Moore v. an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí* agus an tArd-Aigne agus cásanna a bhain leo ar ceal forálacha áirithe d'alt 99 den Acht um Cheartas Coiriúil 2006 maidir le athghníomhachtú pianbhreith a bhí curtha ar fionraí. Bhí rath ar an Oifig is í ag diúltú d'iarratais ó phríosúnaigh go scaoilfí amach iad ar bhunús an bhreithiúnais agus dréachtaíodh reachtaíocht cheartaitheach. Breithiúnas tábhachtach eile maidir leis an acht maidir le hAistriú Daoine faoi Phianbhreith ab ea *Declan John Rafferty agus Daoine Eile v. Gobharnóir Phríosún Phort Laoise* (An Chúirt Uachtarach).

Ghlac an Stát páirt i 27 cás nua os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh in 2016, lena n-áirítear sna réimsí a bhaineann le Barántas Gabhála Eorpach/Eiseachadadh m.sh. C-496/16 Aranyosi (Uimh. 2), C-196/16 Pisciotti; Cosaint Sonraí C-434/16 Nowak, C 210/16 Wirtschaftakademie agus Coimisiún Cánachas/Státchabhair T-776/16 Éire -v- an Coimisiún (Apple).

Maidir le hábhair a bhain le Tithe an Oireachtais a bhí an tArd-Aighne ina pháirtí i *Angela Kerins v. John McGuinness agus Daoine Eile* (Neamhthuairiscthe; An Ard-Chúirt; 31/1/'17), agus i gcás *Denis O'Brien v. Tithe an Oireachtais, Éire agus an tArd-Aighne.* Baineann an dá chás sin le forálacha tábhachtacha bunreachtúla maidir le Tithe an Oireachtais.

Iarscríbhinn A

Billí Rialtais a foilsíodh in 2016 agus a bhí dréachtaithe ag ODP

An Bille Oidhreachta 2016
An Bille um Thrácht ar Bhóithre 2016
An Bille Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha) 2016
An Bille um Cheartas Coiriúil (Cionta a Bhaineann le Córais Faisnéise) 2016
An Bille Fuinnimh 2016
Bille an Bhoird Réitigh Aonair (Comhaontú Saoráide Iasachta) 2016
An Bille um Athchóiriú an Dlí Reachtúil, 2016
An Bille fán Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte, 2016
An Bille Uchtála (Leasú) 2016
An Bille um Shaoire agus Sochar Atharthachta, 2016
An Bille um Mí-Úsáid Drugaí (Leasú), 2016
An Bille um Sheirbhísí Uisce (Leasú), 2016
An Bille um Fháltais ó Choireacht (Leasú), 2016
An Bille um Choimisiún Imscrúdúcháin (Corparáid na hÉireann um Réiteach Bainc), 2016
An Bille Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna), 2016
An Bille Toghcháin (Leasú) (Uimh. 2), 2016
An Bille Sláinte (Leasú), 2016
An Bille um Maoin Chultúrtha a Choimirciú i gCás Coinbhleacht Armtha (Coinbhinsiún na Háige), 2016
An Bille um Cheartas Coiriúil (Pianbhreitheanna Príosúnachta Fionraithe), 2016
An Bille um Fhiadhúlra (Leasú), 2016
Bille na gCuideachtaí (Cuntasaíocht), 2016
An Bille Airgeadais 2016
Bille na gCúirteanna 2016

An Bille um Bosca Forbartha Eolais (Deimhniú Aireagán), 2016
An Bille Leasa Shóisialaigh 2016
An Bille Árachais Sláinte (Leasú), 2016
An Bille Uchtála (Faisnéis agus Lorgaireacht), 2016
An Bille Leithreasa 2016
An Bille Bannaí (Leasú)
An Bille um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2016
An Bille um Shainmharcáil (Leasú), 2016
An Bille um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist) (Leasú), 2016
An Bille um Míchumas (Forálacha Ilghnéitheacha) 2016
Bille na gCúirteanna (Uimh. 2) 2016
An Bille um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta), 2016

Iarscríbhinn B

Billí Poiblí a achtaíodh in 2016

An tAcht um Ráthaíocht Chreidmheasa (Leasú) 2016

An tAcht um Rásaíocht Capall na hÉireann 2016

An tAcht um Rialáil Iompair Phoiblí 2016

An tAcht um Cheartas Coiriúil (Ciontuithe Spíonta agus Nochtadh Áirithe) 2016

An tAcht Toghcháin (Leasú) 2016

An tAcht Sláinte (Leasú) 2016

An tAcht um Sheirbhísí Uisce (Leasú) 2016

An tAcht um Fháltais ó Choireacht (Leasú), 2016

An tAcht um Mí-Úsáid Drugaí (Leasú), 2016

An tAcht um Choimisiún Imscrúdúcháin (Corparáid na hÉireann um Réiteach Bainc), 2016

An tAcht um Shaoire agus Sochar Atharthachta, 2016

An tAcht Fuinnimh 2016

An tAcht Airgeadais (Oibleagáidí Áirithe de chuid an Aontais Eorpaigh agus Oibleagáidí Idir-Rialtascacha Áirithe) 2016

An tAcht um an Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta (Leasú) 2016

An tAcht Leasa Shóisialaigh 2016

An tAcht Leithreasa 2016

An tAcht um Pleanáil agus Forbairt (Tithíocht) agus um Thionóntachtaí Cónaithe 2016 2016

An tAcht Airgeadais 2016

An tAcht Árachais Sláinte (Leasú), 2016

An tAcht um Athchóiriú an Dlí Reachtúil 2016

An tAcht um Thrácht ar Bhóithre 2016

Acht na gCúirteanna 2016

Iarscríbhinn C

Oifig an Ard-Aighne

Vóta 3 Oifig Shráid Mhuirfean

Torthaí na bliana 2016 agus Meastachán le haghaidh 2016 agus 2017

Meastachán agus Toradh le haghaidh 2016 agus Meastachán ar an méid a theastóidh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig, 2017 le haghaidh thuarastail agus chostais **Oifig an Ard-Aighne**, lena n-áirítear deontas.

		Seirbhís	**Foráil Mheasta**	**Toradh Forála**	**Foráil Mheasta**
		RIARACHÁN	**2016**	**2016**	**2017**
			€000	**€000**	**€000**
A.1.	A.1.	TUARASTAIL, PÁ AGUS LIÚNTAIS	11,200	10,283	11,263
A.2(i)	A.2(i)	TAISTEAL AGUS COTHABHÁIL	130	153	170
A.2(ii)	A.2(ii)	OILIÚINT AGUS FORBAIRT AGUS COSTAIS THEAGMHASACHA	600	637	610
A.2(iii)	A.2(iii)	SEIRBHÍSÍ POIST AGUS TEILEACHUMARSÁIDE	70	64	70
A.2(iv)	A.2(iv)	TREALAMH OIFIGE AGUS SEIRBHÍSÍ SEACHTRACHA TF	559	653	576
A.2(v)	A.2(v)	CAITEACHAIS AR ÁITRIBH OIFIGE	156	142	160
A.2(vi)	A.2(vi)	SEIRBHÍSÍ COMHAIRLEOIREACHTA, ATHBHREITHNITHE UM LUACH AR AIRGEAD	20	41	50

		AGUS ATHBHREITHNITHE BEARTAIS			
A.2(vii)	A.2(vii)	SAINEOLAS DLÍ CONARTHAÍ	401	215	350
A.2(xi)	A.2(xi)	UACHTARÁNACHT AR AN AE	-	-	-
			13,136	**12,188**	**13,249**
		FO-IOMLÁN			
		SEIRBHÍSÍ EILE			
A.3	A.3	RANNÍOCAÍOCHTAÍ LE HEAGRAÍOCHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA	38	34	38
A.4	A.4	AN COIMISIÚN UM ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ (DEONTAS I GCABHAIR)	2,119	1,878	2,239
A.5	A.5	COSTAIS GHINEARALTA DLÍ	190	121	140
		Iomlán Comhlán	**15,483**	**14,221**	**15,666**
		Lúide			
B.	B.	LEITHREASAÍ I GCABHAIR	788	743	766
		Glan-Iomlán	**14,695**	**13,477**	**14,900**

Vóta 13 - Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

Torthaí na bliana 2016 agus Meastachán le haghaidh 2016 agus 2017

Meastachán agus Toradh le haghaidh 2016 agus Meastachán ar an méid a theastóidh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig, 2017 le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit.

	Seirbhís	**Foráil Mheasta**	**Toradh Forála**	**Foráil Mheasta**
	RIARACHÁN	**2016**	**2016**	**2017**
		€000	**€000**	**€000**
A.1	TUARASTAIL, PÁ AGUS LIÚNTAIS	15,100	13,978	16,760
A.2(ii)	TAISTEAL AGUS COTHABHÁIL	70	82	70
A.2(iii)	OILIÚINT AGUS FORBAIRT AGUS COSTAIS THEAGMHASACHA	813	972	813
A.2(iv)	SEIRBHÍSÍ POIST AGUS TEILEACHUMARSÁIDE	350	301	350
A.2(v)	TREALAMH OIFIGE AGUS SOLÁTHAIRTÍ OIFIGE EILE AGUS SEIRBHÍSÍ GAOLMHARA	750	1,002	750
A.2(vi)	CAITEACHAIS AR ÁITRIBH OIFIGE	300	171	275
A.2(vii)	SEIRBHÍSÍ COMHAIRLEOIREACHTA, ATHBHREITHNITHE UM LUACH AR AIRGEAD AGUS ATHBHREITHNITHE BEARTAIS	25	44	50
	FO-IOMLÁN	**17,408**	**16,550**	**19,068**

SEIRBHÍSÍ EILE				
A.3	SEIRBHÍSÍ DLÍ SEACHTRACHA	200	217	200
A.4	TÁILLÍ ABHCÓIDE	12,000	12,137	13,000
A.5	COSTAIS GHINEARÁLTA DLÍ	1,400	1,100	1,400
	Iomlán Comhlán	**31,008**	**30,004**	**33,668**
	Lúide			
B.	LEITHREASAÍ I GCABHAIR	1,860	1,113	1,328
	Glan-Iomlán	**29,148**	**28,891**	**32,340**

Iarscríbhinn D

Ráiteas um Chomhlíonadh an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997 agus um Chomhlíonadh Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002

Ráitis um Chomhlíonadh; Tuarascálacha faoi Chleachtais Íocaíochta 2016

Oifig an Ard-Aighne (Oifig Shráid Mhuirfean)

Comhlíonann íocaíochtaí ábhartha a rinne an Oifig seo téarmaí an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997 arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002.

Rinneadh treoirlínte a cuireadh i bhfeidhm chun comhlíonadh an Achta a áirithiú a scaipeadh ar an bhfoireann go léir in mí Eanáir 1998, agus cuireadh an fhoireann ar an eolas freisin faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002 nuair a tháinig siad i bhfeidhm an 7 Lúnasa 2002. Is é an aidhm atá leis na treoirlínte sin éascú a dhéanamh ar ghlanadh pras sonrasc agus féachaint chuige nach dtiocfaidh ús, pionóis agus cúiteamh i gceist. Thairis sin, déantar monatóireacht rialta ar nósanna imeachta airgeadais atá i bhfeidhm san Oifig chun a áirithiú go gcomhlíonfar an reachtaíocht.

Is iad seo a leanas na príomhnósanna imeachta atá i bhfeidhm:-

- Ach amháin má chomhaontaítear a mhalairt trí chonradh scríofa, baineann an sprioc ama um íoc pras de 30 lá le gach íocaíocht. Ón 15 Meitheamh 2009 ar aghaidh, tá sé de dhualgas ar na Ranna Rialtais go léir gach soláthraí a íoc laistigh de 15 lá ó gheofar sonrasc bailí, agus gealltanas a thabhairt ina leith sin, cé go bhfuil an teorainn 30 lá i ndáil le híoc úis íocaíochta pras fós i bhfeidhm.
- Iarrtar ar an bhfoireann a áirithiú go mbeidh sonraisc dírithe ar dhuine ainmnithe agus orduithe á gcur isteach le haghaidh earraí agus seirbhísí, rud a sheachnóidh moill maidir le rianú a dhéanamh ar an duine a chuir an t-ordú isteach chun críocha deimhniúcháin
- Cuirtear gach sonrasc ar aghaidh go dtí an tAonad Airgeadais agus déantar an dáta a stampáil orthu láithreach bonn nuair a fhaightear iad. Is é an dáta sin an dáta óna ndéanfar an tréimhse íocaíochta fhorordaithe a ríomh
- Déanann an fhoireann oibre san Aonad Airgeadais scanadh ar na sonraisc go léir a fhaightear ar an gCóras Bainistíochta Airgeadais nuair a fhaightear iad san Aonad Airgeadais
- Nuair a bheidh na hearraí nó an tseirbhís dá dtagraíonn an sonrasc faighte ag an Oifig, deimhneoidh an tAonad ábhartha go bhfuil an sonrasc in ord le haghaidh íocaíochta trí fhógra go bhfuil na hearraí faighte a ghiniúint ar an gCóras Bainistíochta Airgeadais. Chomh luath agus a bheidh próiseas an Chórais Bhainistíochta Airgeadais curtha i gcrích, féadfaidh baill foirne san Aonad Airgeadais dul ar aghaidh agus an sonrasc a íoc
- Sa chás nach mbeidh an tAonad ábhartha in ann fógra go bhfuil na hearraí faighte a eisiúint de bharr an t-ordú a bheith neamhiomlán, nó neamhsholáthar seirbhíse iomláine etc., ba chóir an tAonad Airgeadais a chur ar an eolas agus ní chuirfear tús leis an tréimhse 30 lá go dtí go mbeidh na hearraí nó na seirbhísí curtha ar fáil ina n-iomláine don Oifig

- Cuireadh in iúl don fhoireann gur gá fógra go bhfuil na hearraí faighte a ghiniúint a luaithe agus a bheidh na hearraí nó an tseirbhís faighte ag an Oifig nó é a chur in iúl don Aonad Airgeadais mura féidir leo an fógra sin a ghiniúint maidir le sonrasc ar leith. Ba chóir socruithe a dhéanamh chun a áirithiú nach gcuirfear moill ar phróiseas na bhfógraí go bhfuil earraí faighte mar gheall ar bhaill foirne a bheith ar saoire etc.
- Más gá sonrasc a cheartú nó má tá díospóid ann faoi, leantar na nósanna imeachta atá sainithe san Acht. Cuireann an tAonad Airgeadais na nósanna imeachta sin i bhfeidhm, agus déantar taifead scríofa ar na nósanna imeachta a chuirtear i bhfeidhm
- Déanann an fhoireann san Aonad Airgeadais monatóireacht ar an dáta dlite íocaíochta agus déanann siad iarracht a áirithiú go ndéantar an íocaíocht laistigh den tréimhse atá leagtha síos. Má dhéantar íocaíocht lasmuigh den am forordaithe, ríomhfaidh an tAonad Airgeadais ús de réir an Achta agus na Rialachán
- Tugann an Córas Bainistíochta Airgeadais leideanna don fhoireann san Aonad Airgeadais faoin dáta íocaíochta dlite

Tuairisc faoi Chleachtais Íocaíochta 2016

Oifig an Ard-Aighne, Sráid Mhuirfean

Ginearálta

- Chomhlíon íocaíochtaí ábhartha a rinne an Oifig seo téarmaí an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997 arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002.

Íocaíochtaí Déanacha

- Rinneadh íocaíochtaí iomlána €1,817,632 in 2016 ó Vóta Oifig an Ard-Aighne i leith íocaíochtaí a bhfuil feidhm ag an Reachtaíocht ina leith.

- Tabhaíodh íocaíochtaí úis um íoc pras de €0 i rith na bliana.

Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit
Ráiteas um Chomhlíonadh

an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997 agus um Chomhlíonadh Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002

Rinneadh treoirlínte a cuireadh i bhfeidhm chun comhlíonadh an Achta a áirithiú a scaipeadh ar an bhfoireann go léir in mí Eanáir 1998, agus cuireadh an fhoireann ar an eolas freisin faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002 nuair a tháinig siad i bhfeidhm an 7 Lúnasa 2002. Is é an aidhm atá leis na treoirlínte sin éascú a dhéanamh ar ghlanadh pras sonrasc agus féachaint chuige nach dtiocfaidh ús, pionóis agus cúiteamh i gceist. Thairis sin, déantar monatóireacht rialta ar nósanna imeachta airgeadais atá i bhfeidhm san Oifig.

Is iad seo a leanas na príomhnósanna imeachta atá i bhfeidhm:-

- Ach amháin má chomhaontaítear a mhalairt trí shocrú scríofa, baineann an sprioc ama um íoc pras de 30 lá le gach íocaíocht.
- Gach sonrasc a fhaightear, cuirtear díreach go dtí an tAonad Airgeadais é agus déantar an dáta a stampáil air ansin. Is é an dáta sin an dáta óna ndéanfar an tréimhse íocaíochta fhorordaithe a ríomh.
- Déanann an fhoireann oibre san Aonad Airgeadais na sonraisc ghinearálta a scanadh isteach sa Chóras Bainistíochta Airgeadais ag baint úsáide as an mBainisteoir Sonraisc agus is ar bhonn leictreonach a dhéantar sonraisc a fhaomhadh. Cuirtear Sonraisc Dlí Ghinearálta isteach sa Chóras Bainistíochta Airgeadais agus cuirtear ar aghaidh chuig na láimhseálaithe comhad ábhartha iad lena bhfaomhadh.
- Cuireadh an fhoireann ar an eolas gur chóir gach sonrasc a dheimhniú i gcomhair íocaíochta agus a sheoladh ar aghaidh chuig an Aonad Airgeadais láithreach nuair a fhaightear iad. Ba chóir socruithe a dhéanamh chun a áirithiú nach gcuirfear moill ar shonraisc mar gheall ar bhaill foirne a bheith ar saoire etc.
- Más gá sonrasc a cheartú nó má tá díospóid ann faoi, leantar na nósanna imeachta atá sainithe san Acht. Cuireann an tAonad Airgeadais na nósanna imeachta sin i bhfeidhm, agus déantar taifead scríofa ar na nósanna imeachta a chuirtear i bhfeidhm.
- Déanann an fhoireann san Aonad Airgeadais monatóireacht ar an dáta dlite íocaíochta agus déanann siad iarracht a áirithiú go ndéantar an íocaíocht laistigh den tréimhse atá leagtha síos. Má dhéantar íocaíocht lasmuigh den am forordaithe, ríomhfaidh an Córas Bainistíochta Airgeadais ús sa ghnáthchúrsa agus seiceálfaidh an tAonad Airgeadais de láimh é de réir an Achta agus na Rialachán.

Íocaíochtaí Úis faoin Reachtaíocht um Íoc Pras Cuntas

Rinneadh íocaíochtaí iomlána €3,824,405 in 2016 ó Vóta Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit i leith íocaíochtaí a bhfuil feidhm ag an Reachtaíocht ina leith. Tabhaíodh suim iomlán €8,386 in ús pionósach i rith na bliana faoin Reachtaíocht um Íoc Pras Cuntas.

Tuairisc faoi Chleachtais Íocaíochta 2016

Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

Tá feidhm ag téarmaí an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997 arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002 maidir le híocaíochtaí arna ndéanamh ag an Oifig sin nó thar a ceann, cé is moite den phárolla agus costais áirithe Oifige eile.

Thug OPAS isteach Córas Bainistíochta Airgeadais nua i mí Iúil 2004. Nuair a tugadh isteach an córas nua sin, ghlac Aonad Airgeadais OPAS freagracht as gach íocaíocht ón Vóta OPAS, cé is moite den Phárolla agus Tuarastail (Ceannteideal A1). Tá an córas deartha go sainiúil chun monatóireacht agus rialú a dhéanamh ar chomhlíonadh théarmaí an Achta.

I líon beag cásanna nuair nach ndéantar íocaíochtaí laistigh den tréimhse reachtúil, déantar na híocaíochtaí úis cuí.

Íocaíochtaí a raibh feidhm ag Íoc Pras maidir leo idir mí Eanáir agus mí na Nollag 2016:

Luach Iomlán na nÍocaíochtaí ar fad:	€3,824,405.38
Luach Iomlán na n-íocaíochtaí déanacha ar fad (faoi bhun €320 san áireamh):	€12,364.92
Luach Iomlán na n-íocaíochtaí déanacha ar fad (thar €320):	€155,395.79
Luach na n-íocaíochtaí déanacha mar chéatadán d'iomlán na n-íocaíochtaí:	4.39%
Líon na n-íocaíochtaí déanacha ar mhó iad ná €320:	73
An méid Úis a íocadh:	€8,386.00
An méid úis mar chéatadán d'iomlán na n-íocaíochtaí:	.22 %
Léiriú ginearálta ar Fhad Ama na Moilleanna:	38 days